



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
M. CAMPOS SÁNCHEZ-BORDONA
arna thabhairt an 15 Nollaig 2022¹

Cás C-700/21

O. G.

Idiragraí:

Uachtarán an Consiglio dei Ministri

[iarraidh ar réamhrialú ón Corte costituzionale (Cúirt Bhunreachtúil, An Iodáil)]

(Nós imeachta um réamhrialú — Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla —
Cinneadh Réime 2002/584/CGB — Barántas Gabhála Eorpach — Forais roghnacha le diúltú
duine a thabhairt suas — Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh —
Náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht nó a bhfuil cónaí orthu ar chríoch Ballstáit)

1. Iarrann an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil, an Iodáil) ar an gCúirt Bhreithiúnais léiriú a thabhairt ar Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB,² a bhféadfadh a thrasú i ndlí na hIodáile a bheith i gcontrárthacht le Bunreacht na hIodáile.
2. Tugann an tarchur le haghaidh réamhrialú deis don Chúirt an cásdlí atá fairsing aici cheana féin maidir le barántais ghabhála (“BGE”) a threisiú. Go háirithe, is gá a chinneadh an gceadaítear dóibh, leis an gcorrlach lánroghnach a dheonaítear do na Ballstáit in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, glacadh le foras le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach BGE, i gcás nach bhfuil feidhm ag an bhforas sin maidir le náisiúnaigh tríú tír.

¹ Bunteanga: an Spáinnis.

² Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle, an 13 Meitheamh 2002, maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle, an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24).

I. Creat rialála:

A. *Dlí an Aontais*

1. *Cinneadh Réime 2002/584*

3. Dearbhaítear an méid seo a leanas in aithris 12:

“Leis an gCinneadh Réime seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear in Airteagal 6 [CAE] agus a léirítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,^[3] go háirithe Caibidil VI di. Ní fhéadfar aon ní sa Chinneadh Réime seo a léiriú mar ní lena gcuirtear cosc ar dhuine a thabhairt suas a bhfuil BGE eisthe ina choinne i gcás ina bhfuil forais oibiachtúla ann lena chreidiúint gur eisíodh [BGE] chun duine a ionchúiseamh nó a phionósú ar bhonn a ghnéis, a chine, a reiligiúin, a bhunaidh eitnigh, a náisiúntachta, a theanga, a thuairimí polaitiúla nó a ghnéaschlaonta, nó go bhféadfaí dochar a dhéanamh do staid an duine sin ar aon cheann de na cúiseanna sin. Ní chuirfidh an Cinneadh Réime seo cosc ar aon Bhallstát a rialacha bunreachtúla a chur i bhfeidhm maidir le hurraim don cheart chun triail chóir a fháil, le saoirse comhlachais, saoirse an phreasa agus saoirse cainte sna meáin eile”.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4. Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 1 (“Sainmhíniú ar [BGE] agus oibleagáid é a fhorghníomhú”):

“1. Is cinneadh breithiúnach arna eisiúint ag Ballstát é [BGE] chun duine a lorgáitear chun críoch ionchúisimh choiriúil nó chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú a ghabháil agus a thabhairt suas do Bhallstát eile.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon [BGE] a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime seo.

3. Ní bheidh sé d’éifeacht ag an Treoir seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid chun cearta bunúsacha agus prionsabail dhlíthiúla a urramú mar a chumhdaítear in Airteagal 6 [CAE]”.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5. Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 4 (“Forais le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach an bharántais gabhála Eorpaigh”):

“Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú forghníomhú a dhéanamh ar [BGE]:

[...]

³ “An Chairt”.

6) más chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú a eisíodh BGE agus go bhfuil an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach nó gur náisiúnach nó cónaitheoir ann é agus go ngabhann an Stát sin air féin an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta;

[...].

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 5 (“Ráthaíochtaí atá le tabhairt ag an mBallstát eisiúna i gcásanna aonair”):

“Féadfar forghníomhú [BGE] ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a chur faoi réir, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

[...]

3) nuair is náisiúnach den Bhallstát forghníomhaitheach nó cónaitheoir sa Stát sin an duine is ábhar do[n] [BGE] chun críoch ionchúisimh, féadfaidh an tabhairt suas a bheith faoi réir an choinníll go gcuirfí an duine ar ais, tar éis éisteacht a fháil, chuig an mBallstát forghníomhaitheach chun an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála a forchuireadh air sa Stát eisiúna a chur isteach ann”.

2. [Aistriúchán neamhoifigiúil] *Cinneadh Réime 2008/909/CGB*⁴

7. Dearbhaítear an méid seo a leanas in aithris 9:

“Ba cheart go méadófar le forghníomhú na pianbhreithe sa Stát forghníomhaitheach an fhéidearthacht go ndéanfaidh an duine faoi phianbhreith ath-imeascadh sóisialta ar an duine faoi phianbhreith. D’fhonn a áirithiú go bhforghníomhóidh an Stát forghníomhaitheach an phianbhreith agus é mar chuspóir aige ath-imeascadh sóisialta an duine ar cuireadh pianbhreith air a éascú, ba cheart d’údarás inniúil an Stáit eisiúna gnéithe amhail caidreamh an duine faoi phianbhreith leis an Stát forghníomhaitheach a chur san áireamh, mar shampla, má mheasann an duine ar cuireadh pianbhreith air go bhfuil naisc theaghlaigh, theanga, chultúrtha, shóisialta nó eacnamaíocha agus naisc eile aige leis an Stát forghníomhaitheach.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. De réir aithris 12:

“Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gCinneadh Réime seo freisin maidir le pianbhreitheanna a fhorghníomhú sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4(6) agus in Airteagal 5(3) de [Chinneadh Réime 2002/584]. Tugann sé sin le tuiscint, *inter alia*, go bhféadfaidh an Stát forghníomhaitheach, gan dochar don Chinneadh Réime sin, a fhíorú an bhfuil forais ann le diúltú don aitheantas agus don fhorghníomhú, mar a fhoráiltear in Airteagal 9 den Chinneadh Réime seo, agus an choiriúlacht dhúbailte a d’fhéadfadh a bheith ann a fhíorú, a mhéid a bheadh

⁴ Cinneadh Réime ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorghníomhú san Aontas Eorpach (IO L 2008 L 327, lch. 27).

dearbhú déanta ag an Stát forghníomhaitheach de bhun Airteagal 7(4) den Chinneadh Réime seo, mar choinníoll chun an breithiúnas a aithint agus a fhorghníomhú, d’fhonn scrúdú a dhéanamh cibé ar chóir an duine faoi phianbhreith a thabhairt suas nó an breithiúnas a fhorghníomhú i gcásanna a chomhlíonann Airteagal 4(6) de [Chinneadh Réime 2002/584].”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. Luaitear an méid seo a leanas in aithris 16:

“Ba cheart an Cinneadh Réime seo a chur chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Chomhphobail, lena n-áirítear go háirithe Treoir 2003/86/CE⁵ [...] [agus] Treoir 2003/109/CE⁶ [...]”.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10. In Airteagal 3 (“Cuspóir agus raon feidhme”), sonraítear an méid seo a leanas:

“1. Is é is cuspóir don Chinneadh Réime seo na rialacha a bhunú faoina ndéanfaidh Ballstát, d’fhonn ath-imeascadh sóisialta an duine faoi phianbhreith a éascú, breithiúnas a aithint agus an pianbhreith a fhorghníomhú.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh Réime seo nuair atá an duine faoi phianbhreith sa Stát eisiúna nó sa Stát forghníomhaitheach.

3. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh Réime seo ach amháin maidir le breithiúnais a aithint agus pianbhreitheanna a fhorghníomhú de réir bhrí an Chinnidh Réime seo.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11. Foráiltear le hAirteagal 25 (“Forghníomhú pianbhreitheanna de bhun [BGE]”) an méid seo a leanas:

“Gan dochar do Chinneadh Réime [2002/584], beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an Chinnidh Réime seo, agus a mhéid atá sé i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin, maidir le pianbhreitheanna a fhorghníomhú i gcás ina ngeallann Ballstát an pianbhreith a fhorghníomhú de bhun Airteagal 4(6) den Chinneadh Réime sin nó i gcás ina bhfuil an coinníoll forchurtha ag Ballstát go bhfillfean an duine faoi phianbhreith chun an pianbhreith a chomhlíonadh sa Bhallstát lena mbaineann, de bhun Airteagal 5(3) den Chinneadh Réime sin, chun saoirse ó phionós a sheachaint i gcás an duine lena mbaineann.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

⁵ Treoir ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh (IO 2003 L 251, lch. 12). Faoi Airteagal 17 den Treoir sin, “tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar chineál agus ar dhaingne naisc teaghlaigh an duine agus ar fhad a chónaithe sa Bhallstát agus ar naisc teaghlaigh, chultúrtha nó shóisialta lena tír thionscnaimh nuair a bheidh iarratas á dhiúltú acu, nuair a bheidh an cead cónaithe á tharraingt siar nó a athnuachan á dhiúltú nó nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an t-iarrthóir ar athaontú teaghlaigh nó ball dá theaghlach a chur ar ais”.

⁶ Treoir ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO 2004 L 16, lch. 44), arna leasú le Treoir 2011/51/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 (IO 2011 L 132, lch. 1). Foráiltear le hAirteagal 12(3) “sula ndéanfar cinneadh cónaitheoir fadtéarmach a dhíbirt, cuirfidh na Ballstáit na tosca seo a leanas san áireamh: a) fad an chónaithe sa chríoch; b) aois an duine lena mbaineann; c) na hiarmhairtí dó féin agus dá bhaill teaghlaigh; d) naisc leis an tír chónaithe nó easpa naisc leis an tír thionscnaimh”.

B. An dlí náisiúnta. Legge 22 aprile 2005, n. 69⁷

12. De réir Airteagal 18bis(1)(c):

Féadfar tabhairt suas a dhiúltú “más rud é gur eisíodh BGE chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, i gcás gur náisiúnach Iodálach nó náisiúnach de Bhallstát eile den Aontas Eorpach an duine iarrtha, atá ina chónaí nó atá ag fanacht go dleathach agus go hiarbhír ar chríoch na hIodáile, ar choinníoll go n-ordaíonn an chúirt achomhairc go bhforghníomhófar an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála san Iodáil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta”.

13. Bunaithe ar Airteagal 19(1):

“Tá forghníomhú BGE ag údarás breithiúnach na hIodáile [...] faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

[...]

b) más rud é gur eisíodh BGE chun náisiúnach [Iodálach] nó cónaitheoir i Stát na hIodáile a ionchúiseamh, beidh an tabhairt suas faoi réir an choinníoll go ndéanfar an duine, tar éis dó éisteacht a fháil, a chur ar ais chuig an mBallstát forghníomhaitheach chun an phianbhreith choimeádta nó an t-ordú coinneála a bhféadfaí a thabhairt ina choinne sa Bhallstát eisiúna a chur isteach ann”.⁸

II. Na fíorais, an díospóid agus na ceistanna le haghaidh réamhrialú

14. Cuireadh pianbhreith 5 bliana príosúnachta⁹ ar O.G., náisiúnach den Mholdóiv, sa Rómáin. Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire, de réir na cúirte a tharchuir ceist na mí-bhunreachtúlachta chuici, go bhfuil O.G. “fréamhaithe go buanseasmhach san Iodáil ó thaobh an teaghlaigh agus na fostaíochta de”.¹⁰

15. An 13 Feabhra 2012, d’eisigh Judecătoria Braşov (an Chúirt Chéadchéime, Braşov, an Rómáin) BGE i gcoinne O. G. chun críocha an phianbhreith a fhorghníomhú.

16. An 7 Iúil 2020, d’ordaigh Corte d’appello di Bologna (an Chúirt Achomhairc, Bologna, an Iodáil) an duine iarrtha a thabhairt suas don údarás breithiúnach eisiúna.

⁷ Disposizioni per conformare internoto alla decisione quque 2002/584/GAI del Consiglio, del 13 giugno 2002, relativa al mandato d’arresto europeo e alle procedure di consegna tra Stati membri (Dlí Uimh. 69 an 22 Aibreán 2005 lena leagtar síos forálacha atá ceaptha chun an Cinneadh Réime a thrasúf [...]) (GURI Uimh. 98 an 29 Aibreán 2005), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí. (“Dlí Uimh. 69 de 2005”).

⁸ De réir na cúirte a rinne an tarchur, leasaíodh an t-airteagal sin agus an méid a luadh sa mhír roimhe seo le Foraithe Reachtach Uimh. 10 an 2 Feabhra 2021 agus tagraítear go comhionann anois ann do náisiúnaigh na hIodáile agus do náisiúnaigh na mBallstát eile, lena gceanglaítear ar na náisiúnaigh eile sin tréimhse chónaithe iarbhír 5 bliana ar a laghad a bheith acu. Mar sin féin, is í an reachtaíocht is infheidhme *ratione temporis* sa chás seo an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimhe sin (an chéad fhomhír de mhír 4 den ordú tarchuir).

⁹ Fuarthas ciontach in imghabháil cánach é agus i mí-leithghabháil suimeanna a bhí dlite i ndáil le cáin ioncaim agus CBL a íoc, a rinne sé ina cháil mar stiúrthóir ar chuideachta faoi dhliteanas teoranta idir Meán Fómhair 2003 agus Aibreán 2004.

¹⁰ Deir an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil) “nach uirthi atá sé a mheas an bhfuil an fréamhú sin buanseasmhach agus iarbhír nó ar dlisteanach fanacht an duine lena mbaineann ar an gcríoch náisiúnta, rud atá faoi chúram na cúirte sna príomhimeachtaí amháin” (mír 5 den ordú tarchuir).

17. An 16 Meán Fómhair 2020, tar éis achomhairc a rinne O. G., chuir Corte di cassazione (an Uaschúirt Achomhairc, an Iodáil) breithiúnas na cúirte achomhairc ar leataobh, ar tharchuir sí an cás ar ais chuici, agus d'iarr sí uirthi a mheas ar cheart ceist bhunreachtúlachta a thabhairt os comhair an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil).

18. Chuir an chúirt achomhairc an cheist faoi bhráid an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil) i dtaobh an raibh Airteagal 18bis(1)(c) de Dhlí Uimh. 69 de 2005 ar chomhréir le hAirteagail 2, 3, 11, 27(3) agus 117(1) de Bhunreacht na hIodáile.

19. Tá ábhair amhrais na cúirte achomhairc bunaithe, go bunúsach, ar na fíricí seo a leanas, i gcomhréir leis an bhforáil lenar trasuódh i ndlí na hIodáile an foras le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584:

- Tá an chumhacht gan BGE a fhorghníomhú teoranta do náisiúnaigh Iodálacha agus do náisiúnaigh de chuid Bhallstáit eile an Aontais má tá cónaí orthu nó má tá siad ag fanacht go dleathach agus go hiarbhir ar chríoch na hIodáile. Eisiatar, dá bhrí sin, náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil in ann an phianbhreith a fhorchuirtear sa Stát eisiúna a chur isteach san Iodáil, fiú má tá cónaí orthu nó má tá siad ag fanacht go dleathach agus go hiarbhir ar chríoch na hIodáile agus má tá naisc shuntasacha chobhsaí forbartha acu ansin.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-eisiamh sin comhsheasmhach le meas ar an saol pearsanta agus ar shaol an teaghlaigh an duine lena mbaineann, i gcás ina bhfuil naisc láidre shóisialta agus theaghlaigh ag an duine sin san Iodáil, agus le “feidhm athshlánaitheach an phionóis”.

20. Tar éis don Corte costituzionale (Cúirt Bhunreachtúil) a chur in iúl nár thug an Chúirt Bhreithiúnais¹¹ aghaidh ar an ngné sin d'Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, déanann sí na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuici:

- “1) An gcuirtear cosc, le hAirteagal 4(6) de [Chinneadh Réime 2002/584], arna léamh i bhfianaise Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin agus Airteagal 7 den Chairt [...], ar reachtaíocht amháil an reachtaíocht de chuid na hIodáile — i gcás nós imeachta maidir le [BGE] atá dírithe ar fhorghníomhú pianbhreithe coimeádta nó ordaithe coinneála — lena dtoirmisctear go hiomlán agus go huathoibríoch ar na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha diúltú do thabhairt suas na náisiúnach tríú tír atá ina gcónaí nó ag fanacht ar chríoch na hIodáile, beag beann ar na naisc atá acu leis an gcríoch sin?
- 2) Má thugtar freagra dearfach ar Cheist 1, cé acu critéar agus coinníoll nach mór a mheas mar naisc a mbaineann tábhacht chomh mór sin leo go gcuirfí iallach ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach tabhairt suas a dhiúltú?”

III. An nós imeachta os comhair na Cúirte

21. Taisceadh an iarraidh ar réamhrialú i gClárlann na Cúirte an 22 Samhain 2021. Cinneadh go dtabharfaí tosaíocht di.

22. Thaisc Rialtas na hOstaire, Rialtas na hUngáire, Rialtas na hIodáile chomh maith leis an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn t.

¹¹ An dara fómhír de mhír 7 den ordú tarchuir.

23. Is iad Rialtas na hIodáile agus an Coimisiún amháin a bhí i láthair ag an éisteacht a tionóladh an 11 Deireadh Fómhair 2022.

IV. Anailís

A. An chéad cheist a tarchuireadh

24. Go bunúsach, féachtar leis an gcéad cheist a tharchuirtear chun réamhrialú le fáil amach an bhfuil Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, arna léamh i bhfianaise Airteagal 1(3) de agus Airteagal 7 den Chairt, ag luí le dlí na hIodáile ar dá réir nach féidir le náisiúnach tríú tír, ar cuireadh pianbhreith choimeádta air i Stát eisiúna BGE (an Rómáin), a phianbhreith a chur isteach sa Stát forghníomhaitheach (an Iodáil), i gcás ina ndealraíonn sé¹² go bhfuil cónaí dleathach agus buanseasmhach air.

25. Faoi Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, féadfaidh údarás breithiúnach diúltú d'fhorghníomhú BGE, arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll charnacha sin:

- Ní mór don duine iarrtha a bheith ina náisiúnach nó ina chónaitheoir sa Bhallstát forghníomhaitheach nó a bheith ag fanacht ann.
- Ní mór don Stát forghníomhaitheach gealltanais a thabhairt an phianbhreith nó an t-ordú coinneála féin a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

26. Tríd an bhforas sin do neamhfhorghníomhú roghnach a thrasú i ndlí na hIodáile, thug reachtas na hIodáile dhá mhodhnú isteach:

- Ar thaobh amháin, tá stádas *náisiúnaigh Ballstáit eile* den Aontas curtha aige le stádas *náisiúnaigh* (Iodálaigh).¹³ Dá bhrí sin, leathnaigh sé liosta na ndaoine a bhféadfadh tairbhe a bhaint as gan a bheith tugtha suas do Stát eisiúna BGE trína bpianbhreith a chomhlíonadh san Iodáil ina ionad sin, ar choinníoll go bhfuil cónaí orthu nó go bhfuil siad ag fanacht go dleathach agus go buanseasmhach ar chríoch na hIodáile.
- Ar an taobh eile, chuir sé cosc ar náisiúnaigh tríú tír leas a bhaint as an bhféidearthacht sin. Dá bhrí sin, chuir sé srian leis an gcoinníoll *cónaithe* nó *fanachta* sa Bhallstát forghníomhaitheach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584. Ar an gcaoi sin, déanfar náisiúnaigh tríú tír, fiú má tá siad ina gcónaí nó ag fanacht ar chríoch na hIodáile, a thabhairt suas do Stát eisiúna BGE (má chomhlíontar na himthosca eile).

¹² Féach forchoimeádas na cúirte a rinne an tarchur maidir leis an bpointe seo, tras-scríofa i bhfonóta 10.

¹³ An Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil), i mbreithiúnas Uimh. 227 de 2010 (IT:COST:2010:227), agus “go háirithe ar bhonn na mbreithiúnas i Kozłowski (breithiúnas an 17 Iúil 2008, C-66/08, EU:C:2008:437; ‘an breithiúnas in Kozłowski’) agus Wolzenburg (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2009, C-123/08, EU:C:2009:616, ‘an breithiúnas in Wolzenburg’), a dhearbhaigh go raibh “an reachtaíocht Iodálach lenar trasúodh an Cinneadh Réime míbhunreachtúil [...] a mhéid nach ndearnadh foráil ann maidir le diúltú tabhairt suas — anuas ar an gceist sin maidir le saoránach Iodálach — saoránach de chuid Ballstát eile den Aontas Eorpach a bhí ina chónaí go dlíthiúil agus go hiarbhir ar chríoch na hIodáile chun an phianbhreith a fhorghníomhú [...] san Iodáil” (mír 8.2.4 den ordú tarchuir).

27. D'fhonn an chéad cheist maidir leis an tarchur le haghaidh réamhrialú a fhreagairt, dealraíonn sé gurb iomchuí dom anailís a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: a) an corrlach lánroghnach atá ag na Ballstáit i gcur i bhfeidhm Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584; (b) léiriú an airteagail sin ó thaobh an chirt chun comhionannais de; agus (c) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cearta bunúsacha eile a chumhdaítear leis an gCairt ar an bhfreagra.

1. An Corrlach lánroghnach atá ag na Ballstáit agus Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584 á thrasú acu sa dlí náisiúnta

28. De réir cásdlí seasta na Cúirte, tá “corrlach lánroghnach áirithe” ag na Ballstáit, i gcur chun feidhme Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584, agus go háirithe pointe 6 de.¹⁴ Ní áirítear leis an gcorrlach sin, áfach, an chumhacht chun síneadh a chur leis na forais neamhfhorghníomhaithe a leagtar síos go huileghabhálach¹⁵ le Cinneadh Réime 2002/584.¹⁶

29. De réir an chásdlí chéanna, is ionann forghníomhú BGE agus an riail, agus ceaptar a dhiúltú mar eisceacht atá le léiriú go docht.¹⁷

30. Níl aon rud ann chun cosc a chur ar na Ballstáit rogha a dhéanamh teorainn a chur leis an bhféidearthacht a thugtar dóibh le hAirteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584, nó gan leas a bhaint as an bhféidearthacht sin. Ós rud é gur forais roghnacha maidir le neamhfhorghníomhú iad, tá sé de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh gan iad a chur i bhfeidhm: i gcás den sórt sin, ní féidir lena n-údaráis bhreithiúnacha forghníomhaitheach diúltú do thabhairt suas duine atá iarrtha ar bhonn BGE.¹⁸

31. I ndáiríre, mar a chinn an Chúirt, maidir le cinneadh na mBallstát, a cheadaítear le Cinneadh Réime 2002/584, gan leas a bhaint as an bhforas neamhfhorghníomhaithe sin, “[...] ní dhéantar leis ach an córas tabhartha suas arna bhunú leis an gCinneadh Réime sin a neartú chun sochar limistéir saoirse, slándála agus ceartais”.¹⁹

32. Is é is cúis atá leis sin ná: “trí theorainn a chur leis na cásanna ina bhféadfadh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú BGE a fhorghníomhú, *éascaítear tabhairt suas* daoine iarrtha leis an reachtaíocht sin *ar bhonn riachtanach*, i gcomhréir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chumhdaítear in Airteagal 1(2) de Chinneadh Réime 2002/584, arb é *an riail bhunriachtanach* a leagtar síos leis an gcinneadh sin”.²⁰

33. Mar sin féin, níl saor-rogha an reachtais náisiúnta neamhtheoranta. Tá roinnt cúiseanna leis seo.

¹⁴ An breithiúnas in Wolzenburg, mír 61. Ar an gcaoi chéanna, breithiúnas an 29 Aibreán 2021, X (Barántas Gabhála Eorpach — *Non bis in idem*) (C-665/20 PPU, EU:C:2021:339), mír 41; agus an 13 Nollaig 2018, Sut, C-514/17, EU:C:2018:1016; “an breithiúnas in Sut”, mír 42.

¹⁵ Ar bhonn ginearálta, féach breithiúnas an 25 Iúil 2018, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais (Easnamh an chórais bhreithiúnaigh) (C-216/18 PPU, EU:C:2018:586), mír 41.

¹⁶ Gan dochar don fhéidearthacht teorainn a chur le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus na hiontaoibhe frithpháirtí idir na Ballstáit, arb iad, déanta na fírinne, “bunchloch” an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, “in imthosca eisceachtúla” amhail iad siúd a tháinig chun cinn sna himeachtaí as ar eascair, *inter alia*, breithiúnas an 5 Aibreán 2016, Aranyosi agus Căldăraru (C-404/15 agus C-659/15 PPU, EU:C:2016:198).

¹⁷ Féach, mar shampla, breithiúnas an 17 Nollaig 2020, Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna) (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033), mír 37 agus an cásdlí a luaitear).

¹⁸ An breithiúnas in Wolzenburg, mír 58.

¹⁹ An breithiúnas in Wolzenburg, mír 58.

²⁰ An breithiúnas in Wolzenburg, mír 59. Cló Iodálach curtha leis. Ar an gcaoi chéanna, an breithiúnas in Sut, míreanna 43 agus 44.

34. Ar an gcéad dul síos, ní athraítear le Cinneadh Réime 2002/584 “an oibleagáid cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha dlí a urramú, mar a chumhdaítear le hAirteagal 6 [CAE] iad”.²¹ Dá bhrí sin, agus a mhéid is ábhartha anseo, ní cheadaítear le hAirteagal 4(6) modhanna trasuite ag na Ballstáit a mbeadh sárú ar chearta bunúsacha nó ar phrionsabail Airteagal 6 CAE mar thoradh orthu.

35. Ar an dara dul síos, tá srian curtha ar an gcorrlach lánroghnach atá ag na Ballstáit agus Airteagal 4(6) á thrasú acu, sa bhreis ar fhoclaíocht na forála sin, ag an gculpóir a shaothraítear léi laistigh de Chinneadh Réime 2002/584 agus ag an gcomhthéacs ginearálta a bhfuil an Cinneadh sin ina chuid de, is é sin le rá, ag dlí an Aontais ina iomláine.

36. Ón taobh sin de, tagaim leis an gCoimisiún nach dtacaítear leis an réiteach arna ghlacadh ag reachtas na hIodáile le foclaíocht Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 ná an culpóir a shaothraítear leis, ná an comhthéacs ina bhfuil sé.²²

37. Maidir lena *fhoclaíocht*, ní leagtar aon ábharthacht le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 ar náisiúntachtaí éagsúla eile seachas náisiúntacht an Bhallstáit fhorghníomhaithe. Ní fhoráiltear leis ach go mbeidh an duine iarrtha ina náisiúnach den Stát sin.

38. Dá bhrí sin, níl tábhacht, dá bhrí sin, le náisiúntachtaí éagsúla eile seachas náisiúntacht an Bhallstáit fhorghníomhaigh agus cuirtear catagóir “an chónaithe” (nó an fhanachta) ina n-ionad. Sainmhínítear raon feidhme Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, i gcás náisiúnaigh de chuid aon Stáit seachas an Stát forghníomhaitheach, ar bhonn choincheap an chónaithe (nó an fhanachta).

39. Maidir le *culpóir* Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, chinn an Chúirt gurb ionann é agus “go háirithe, [a chur ar chumas] an údaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaigh tábhacht ar leith a leagan ar an bhféidearthacht méadú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann i leith ath-imeascadh sóisialta an duine iarrtha a luaithe a bheidh an phianbhreith a forchuireadh air curtha isteach”.²³

40. Chun culpóir an ath-imeasctha a bhaint amach, níl náisiúntacht an duine iarrtha ábhartha, inti féin: is é is aidhm don fhoráil go bhféadfadh aon duine atá ina chónaí nó atá ag fanacht²⁴ sa Bhallstát forghníomhaitheach leas a bhaint as an bhféidearthacht sin.

41. Maidir leis an *gcomhthéacs reachtach* ina bhfuil Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 le léiriú, ba cheart tagairt a dhéanamh do Chinneadh Réime 2008/909 maidir le haitheantas frithpháirteach do bhreithiúnais in ábhair choiriúla. Áirítear, lena réimse cuimsitheach, náisiúnaigh choigríche de náisiúntacht ar bith, má tá siad fréamhaithe ar shlí áirithe sa Stát forghníomhaitheach,²⁵ a sínítear culpóir an ath-imeasctha chucu i bhforghníomhú pianbhreitheanna coimeáda chomh maith.

²¹ Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584.

²² Réiteach, mar a luaigh an Coimisiún ag an éisteach, nach bhfuil glactha ag “formhór” na mBallstát tríd an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 a ghlacadh gan coinníollacha breise.

²³ An breithiúnas in Kozłowski, mír 45.

²⁴ Cónaí *go hiarbhrí*, le bheith níos beaichte, mar atá soiléir ó chásdlí na Cúirte de bhun Wolzenburg.

²⁵ De réir aithris 9 de Chinneadh Réime 2008/909, “D’fhonn a áirithiú go bhforghníomhóidh an Stát forghníomhaitheach an phianbhreith agus é mar chuspóir aige ath-imeascadh sóisialta an duine faoi phianbhreith a éascú, ba cheart d’údarás inniúil an Stáit eisiúna gnéithe amhail caidreamh an duine faoi phianbhreith leis an Stát forghníomhaitheach a chur san áireamh, mar shampla, má mheasann an duine ar cuireadh pianbhreith air go bhfuil *naisc theaghlaigh, theanga, chultúrtha, shóisialta nó eacnamaíocha agus naisc eile aige leis an Stát forghníomhaitheach*”. Cló Iodálach curtha leis.

42. I gcomhréir le hAirteagal 25 de Chinneadh Réime 2008/909, beidh feidhm ag an gcinneadh sin *mutatis mutandis* agus a mhéid atá sé i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584, maidir le forghníomhú pianbhreitheanna faoi Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584.²⁶

43. Dá bhrí sin, i bhfianaise gach ruda, caithfear a mheas gur cheap reachtas an Aontais, atá íogair do chuspóir an ath-imeasctha a bhaineann leis an bpiantbhreith,²⁷ Airteagal 4 (6) de Chinneadh Réime 2002/584 mar bhealach chun an cuspóir sin a bhaint amach, sna himthosca sonracha a liostaítear thuas, gan aon éifeacht a bheith ag an toisc náisiúntachta (seachas toisc náisiúntachta an Stáit fhorghníomhaithigh féin).

2. Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584 agus prionsabal an chomhionannais

44. Chinn an Chúirt, ar bhonn an méid sin roimhe seo, nár cheart go mbeadh náisiúnaigh an Bhallstáit fhorghníomhaithigh agus náisiúnaigh Ballstát eile a bhfuil cónaí orthu ann nó atá ag fanacht ann agus atá comhtháite ina shochaí, faoi réir cóir éagsúil, i bprionsabal.²⁸

45. Tagann an cheist chun cinn anois cibé an gá nó nach gá go mbeadh feidhm ag riail atá bailí do náisiúnaigh na mBallstát maidir le náisiúnaigh tríú tír i ndáil le neamhfhorghníomhú BGE.

46. I mo thuairim, níl aon chúis ann nach amhlaidh a bheadh.

47. Is fíor nach gá stádas dlíthiúil náisiúnach tríú tír a ionannú, go ginearálta, le stádas náisiúnaigh na mBallstát.²⁹ Mar sin féin, ní féidir le tús áite a bheith ag an difríocht sa chaoi a gcaitear leo i gcás ina bhforáiltear, go sainráite nó go hintuigthe, le dlí tánaisteach an Aontais féin do chóras aonfhoirmeach don dá chatagóir. I gcás den sórt sin, beidh feidhm ag prionsabal an chomhionannais os comhair an dlí a leagtar síos in Airteagal 20 den Chairt.

48. I bhfianaise dho-bhraiteacht na hoibleagáide chun na cearta bunúsacha agus na prionsabail a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE a urramú, cuirtear cosc air, le hAirteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, go dtabharfaí cead le hAirteagal 4(6) de do na Ballstáit modhanna trasúmh a ghlacadh a mbeadh sárú ar an gCairt nó ar phrionsabail bhunúsacha an Aontais mar thoradh orthu.

49. Áirítear sna prionsabail sin prionsabal an chomhionannais, a ráthaítear le hAirteagal 2 CAE agus le hAirteagal 20 den Chairt. Sa chás seo, soláthraítear sa dá Airteagal sin, caighdeán measúnaithe atá láidir go leor chun tacú leis an gconclúid nach bhfuil ionchorprú Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 i ndlí na hIodáile i gcomhoiriúnachtleo.

²⁶ Mar a dheimhniú an chúirt a rinne an tarchur (mír 8.4 dá hordú tagartha), tagraíonn forálacha eile de dhlí an Aontais do chosaint leas náisiúnach tríú tír nach bhfuil á dhíbirt as an mBallstát ina bhfuil cónaí orthu go hiarbhir. Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 16 sa bhrollach a ghabhann le Cinneadh Réime 2008/909: “Ba cheart an Cinneadh Réime seo a chur chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Chomhphobail, lena n-áirítear go háirithe Treoir 2003/86/CE [athaontú teaghlaigh] agus Treoir 2003/109 [stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad]”.

²⁷ Tagraíonn an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil), i mír 8.5 den ordú tarchuir, do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR) maidir le feidhm an ath-imeasctha shóisialta a bhaineann leis an bpiantbhreith.

²⁸ Breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2012, Lopes Da Silva Jorge (C-42/11, EU:C:2012:517), mír 40. Ar an gcaoi chéanna, mheabhraigh mé supra mar a dhearbhaigh Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil) go raibh sé míbhunreachtúil faoi dhlí na hIodáile nach raibh an diúltú tabhairt suas faoi Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 ar fáil ach go heisiach dá náisiúnaigh.

²⁹ Airteagal 18 CFAE, lena gcuirtear toirmeasc ar aon idirdhealú ar bhonn náisiúntachta, “níl feidhm aige maidir le cásanna ina bhféadfadh difríocht a bheith ann sa chóir a chuirtear ar náisiúnaigh de chuid na mBallstát agus ar náisiúnaigh de chuid tíortha nach Ballstáit iad”. Breithiúnas an 2 Aibreán 2020, Rуска Federacija (C-897/19 PPU, EU:C:2020:262), mír 40.

50. Go háirithe, ní mór do phrionsabal an chomhionannais os comhair an dlí feidhmiú, sa chiall a mholaim, i bhfianaise nach dtugtar aon ábharthacht le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 do chritéar na náisiúntachta, a bhfuil critéar an chónaithe (nó an fhanachta) curtha ina ionad, cé is moite de náisiúnaigh an Bhallstáit fhorghníomhaithe amháin.

51. Dá bhrí sin, cumhdaítear, le raon feidhme *ratione personae* Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, daoine, mura náisiúnaigh den Bhallstát forghníomhaitheach iad, atá ag fanacht nó ina gcónaí ann.³⁰ Dá bhrí sin, leis an dlí faoina bhfuil náisiúnaigh tríú tír i dteideal cóir chomhionann a fháil, ní thugtar údar ar bith chun caitheamh leo ar bhealach éagsúil le náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais.

52. Dá bhrí sin, mar gheall ar an gcorrlach lánroghnach atá ann agus an fhoráil sin de dhlí an Aontais á trasú, ní féidir le córas rialacha a bheith ann lena gcaitear le náisiúnaigh tríú tír níos ar bhealach níos measa ná mar a chaitear le náisiúnaigh Ballstáit. Mar a chuir an Coimisiún in iúl, i bhfianaise chuspóir Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, tá staid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí iarbhir air sa Stát forghníomhaitheach inchurtha le staid náisiúnaigh Ballstáit.

53. Chuige sin, tuigtear le cónaí buanseasmhach agus iarbhir náisiúnaigh tríú tír, i bprionsabal, go bhfuil méid áirithe imeasctha sa tír ina bhfuil cónaí air atá ar chomhchéim leis an leibhéal imeasctha atá ag náisiúnaigh na tíre sin. Is féidir le nasc den sórt sin leis an mBallstát forghníomhaitheach ath-imeascadh sóisialta an duine iarrtha a éascú tar éis don phianbhreith choimeádta a forchuireadh a bheith curtha isteach ann.³¹

3. Tionchar na gcearta bunúsach eile arna gcumhdach ag an gCairt ar chur i bhfeidhm Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584

54. I mo thuairimse, is leor an méid sin thuas chun neamhréireacht na rialach náisiúnta atá faoi chonspóid le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 a dheimhniú. Dá bhrí sin, ní mheasaim go bhfuil gá anailís a dhéanamh ar an tionchar (breise) a bheadh ag cearta bunúsacha eile na Cairte ar léiriú an Airteagail sin.

55. Áirítear sna cearta sin na cearta sin a chumhdaítear in Airteagal 7 den Chairt (meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh), dá dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur, agus in Airteagal 24(3) de (ceart an linbh caidreamh pearsanta agus teagmháil dhíreach a bheith aige nó aici go tráthrialta lena bheirt tuismitheoirí), dá dtagraíonn an Coimisiún.³²

³⁰ An breithiúnas in Kozłowski, mír 34, dár thagair an tAbhcóide Ginearálta Mengozzi ina Thuairim in Lopes Da Silva Jorge (C-42/11, EU:C:2012:151). Chuir sé in iúl go measann an Chúirt “nach ndéantar tagairt le raon feidhme *ratione personae* Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 do náisiúnaigh an Bhallstáit fhorghníomhaitheach, go roghnach, ná do náisiúnaigh Ballstát eile a bhfuil cónaí orthu nó atá ag fanacht ar a chríoch, ná don dá cheann acu sin araon. Chinn an Chúirt, go bunúsach, i mír 34 de bhreithiúnas Kozłowski, “de réir Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime [2002/584], go bhfuil raon feidhme an fhorais sin maidir le neamhfhorghníomhú roghnach teoranta do dhaoine, i gcás nach náisiúnaigh den Bhallstát forghníomhaitheach iad, atá ‘ag fanacht’ ann nó a bhfuil ‘cónaí orthu’ sa Stát sin”.

³¹ Áirithítear ar an gcaoi sin nach mbeidh sairse ó phionós ann. Mar a leag an tAbhcóide Ginearálta Mengozzi béim air ina Thuairim i gcás Lopes Da Silva Jorge (C-42/11, EU:C:2012:151), “[...] ní dhéantar, leis an léiriú atá beartaithe ar Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, sairse ó phionós an duine iarrtha a chumhdach ar bhealach ar bith agus ní thugtar amhras ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh leis, ós rud é nach bhféadfaidh an Stát forghníomhaitheach diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ach amháin má chomhlíonann sé an coinníoll sainráite go bhforghníomhófáir an phianbhreith ina chríoch, gan an cinneadh lenar forchuireadh í a cheistiú choíche. I ndáil leis sin, tá loighic an aitheantais fhrithpháirtigh do chinntí breithiúnacha go hiomlán slán, fiú má dhéanann an duine iarrtha a phianbhreith a chur isteach sa Bhallstát forghníomhaitheach agus ní sa Bhallstát eisiúna” (mír 39).

³² De réir mar a shonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, is athair linbh an duine iarrtha (an cúigiú fómhír de mhír 5 den ordú tarchuir).

56. Go loighciúil, níl na cearta sin in ann tús áite a fháil ar chomhlíonadh pianbhreithe coimeáda. Mar sin féin, d'fhéadfadh siad a bheith de chineál chun tacú le rogha go gcomhlíonfaí í i mBallstát amháin (Ballstát forghníomhaithe BGE) seachas i mBallstát eile (an Ballstát ina n-eisítear BGE), i gcás duine atá ag cónaí nó ag fanacht sa chéad Bhallstát a choinníonn a naisc theaghlaigh ann.

57. Dá bhrí sin, tugtar fabhar don cheart atá ag an duine iarrtha caidreamh teaghlaigh ar a laghad a choinneáil a bheidh comhoiriúnach lena fhanacht i bpríosún. Beidh caidreamh den sórt sin níos indéanta nuair atá sé suite i lárionad a leasanna ríthábhachtacha, is é sin le rá, sa Stát ina bhfuil cónaí air.

B. An dara ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

58. Más rud é, mar a mholaimse, gur cheart don Chúirt freagra dearfach a thabhairt ar an gcéad cheist, is mian leis an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil) a fháil amach “cé acu critéar agus coinníoll nach mór a mheas mar naisc a mbaineann tábhacht chomh mór sin leo go gcuirfí iallach ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach tabhairt suas a dhiúltú?”.

59. Is fiú dhá réamhbhreith a dhéanamh ar fhoclaíocht an dara ceist, dar liom, maidir leis na coinníollacha a ghabhann le neamhfhorghníomhú BGE agus maidir leis an “oibleagáid” airbheartaithe diúltú don tabhairt suas.

1. Coinníollacha maidir le neamhfhorghníomhú BGE

60. Ní bhaineann an cheist ach le ceann amháin den dá choinníoll a leagtar síos in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 maidir le diúltú féideartha ar thabhairt suas an duine iarrtha.

61. Baineann Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, tharais aon ní eile, leis na coinníollacha (náisiúntacht de chuid an Stáit fhorghníomhaithigh, cónaí nó fanacht ann) lena mbunaítear nasc idir an duine iarrtha agus an Ballstát forghníomhaitheach. Ní mór na naisc sin a bheith leordhóthanach chun a ath-imeascadh sóisialta a éascú, i ndiaidh don phianbhreith arna forchur a bheith curtha isteach.³³

62. Mar sin féin, leagtar síos ceanglas sainordaitheach eile freisin leis an bhforáil atá i gceist: gealltanais an Bhallstáit fhorghníomhaithigh³⁴ go gcuirfear an phianbhreith choimeáda lena gcinntear BGE isteach sa Bhallstát sin. Sa chás seo, glacann an chúirt a rinne an tarchur leis an méid sin, cé go bhfuil sé teoranta aici go docht don chaidreamh idir an duine iarrtha agus an Ballstát forghníomhaitheach.

2. Oibleagáid tabhairt suas a dhiúltú?

63. Cé go dtagraíonn an chúirt a rinne an tarchur don “oibleagáid” tabhairt suas a dhiúltú i gcás ina bhfuil na naisc a bunaíodh ábhartha go leor, ní dhéantar foráil in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 d’oibleagáid den sórt sin. Ní fhoráiltear leis ach go “bhféadfaidh” an t-údarás breithiúnach forghníomhú BGE a dhiúltú má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin.

³³ Go ginearálta, breithiúnas an 29 Meitheamh 2017, Popławski (C-579/15, EU:C:2017:503; “an breithiúnas in Popławski”), mír 21.

³⁴ Ní mór don ghealltanais sin a bheith “fíor”, de réir mar a leag an Chúirt Bhreithiúnais béim air. Féach, an breithiúnas in Sut, mír 35.

64. Díreach ós rud é nach dtuigtear ó phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ar a bhfuil an córas de Chinneadh Réime 2002/584 bunaithe, go bhfuil oibleagáid absalóideach ann BGE a fhorghníomhú,³⁵ mar sin, a luaithe a bhfuil an foras le neamhfhorghníomhú roghnach atá faoi chonspóid anseo glactha sa dlí náisiúnta, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhach corrlach lánroghnach a bheith aige chun a chinneadh an ndiúltóidh sé BGE a fhorghníomhú.³⁶

65. I bhfocail na Cúirte Breithiúnais,

- “Ní féidir a mheas go bhfuil Reachtaíocht Ballstáit lena bhforáiltear, chun críocha Airteagal 4(6) den Chinneadh Réime sin a thrasúí, go bhfuil sé d’oibleagáid ar a údarás bhreithiúnacha diúltú BGE a fhorghníomhú in aon chás, i gcás ina bhfuil cónaí ar an duine iarrtha sa Bhallstát sin, gan aon rogha a bheith ag na húdarás sin, i gcomhréir le Cinneadh Réime 2002/584 [...]”.³⁷
- “[...] I gcás inar roghnaigh Ballstát an fhoráil sin [Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584] a thrasúí sa dlí náisiúnta, ní mór don údarás breithiúnach fhorghníomhach corrlach lánroghnach a bheith aige maidir le cibé acu forghníomhú BGE a dhiúltú nó gan é a dhiúltú. I ndáil leis sin, ní mór don údarás breithiúnach forghníomhach a bheith in ann an cuspóir atá á shaothrú ag an bhforas le neamhfhorghníomhú roghnach a leagtar amach san fhoráil sin a chur san áireamh, arb é a bhfuil i gceist léi, de réir chásdlí socair na Cúirte, [a chur ar chumas] an údarás bhreithiúnaigh fhorghníomhach tábhacht ar leith a leagan ar an bhféidearthacht méadú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann i leith ath-imeascadh sóisialta an duine iarrtha a luaithe a bheidh an phianbhreith a forchuireadh air curtha isteach”.³⁸

66. Dá bhrí sin, ní leor don údarás breithiúnach forghníomhach a fhíorú go gcomhlíontar an dá choinníoll a leagtar síos in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584. Beidh air a mheas freisin an bhfuil leas dlisteanach ann ionas go mbeadh an phianbhreith arna forchur sa Bhallstát eisiúna curtha isteach sa Bhallstát forghníomhach.³⁹

67. Dá bhrí sin, mar fhreagra ar an dara ceist, a bhaineann leis na critéir lena gcinntear fréamhú an duine iarrtha sa Bhallstát forghníomhach, ba cheart an méid seo a leanas a chur in iúl don chúirt a rinne an tarchur:

- Níl aon *oibleagáid* theibí ann, *ex lege*, chun diúltú BGE a fhorghníomhú bunaithe ar an bhforas amháin gur glacadh an foras sin le haghaidh neamhfhorghníomhú roghnach sa dlí náisiúnta.
- Ní mór d’údarás breithiúnach an Stáit fhorghníomhach measúnú a dhéanamh, i ngach cás, ar leas dlisteanach a bheith ann ionas go gcuirfí an phianbhreith isteach sa Stát sin, seachas sa Stát eisiúna.

³⁵ An breithiúnas in *Sut*, mír 30.

³⁶ An breithiúnas in *Popławski*, mír 21.

³⁷ An breithiúnas in *Popławski*, mír 23.

³⁸ An breithiúnas in *Popławski*, mír 21.

³⁹ An breithiúnas in *Sut*, mír 36.

3. *Fréamhú an duine iarrtha sa Stát forghníomhaitheach*

68. Tá an foras le neamhfhorghníomhú roghnach in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 bunaithe ar an bhféidearthacht deiseanna ath-imeascadh sóisialta an duine iarrtha a mhéadú a luaithe a chuirfear isteach an phianbhreith a forchuireadh air. Tá sé dlisteanach, dá bhrí sin, don Bhallstát forghníomhaitheach cuspóir den sórt sin a shaothrú i ndáil le daoine a bhfuil leibhéal áirithe imeasctha léirithe acu i sochaí an Bhallstáit sin, agus i ndáil leis na daoine sin amháin.⁴⁰

69. Dá bhrí sin, leis na critéir a gcuireann an chúirt a rinne an tarchur ceist ina dtaobh, caithfear a bheith in ann leibhéal leordhóthanach imeasctha a bhunú leo chun a áirithiú go mbeidh an dóchúlacht go ndéanfar an duine iarrtha a ath-imeascadh i bhfad níos fabhraí sa Bhallstát forghníomhaitheach ná sa Bhallstát eisiúna.

70. Dá bhrí sin, is fearr a thuigtear go dtagraítear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, ar thaobh amháin, do náisiúntacht an Bhallstáit fhorghníomhaithigh agus go n-úsáidtear ann, ar an taobh eile, na téarmaí “cónaí” agus “fanacht” sa Stát sin gan idirdhealú:

- Féadfar a thoirmeach de bhun náisiúntacht an Bhallstáit fhorghníomhaithigh aige, go bhfuil an duine iarrtha imeasctha go leordhóthanach sa Stát sin.⁴¹
- A mhéid is gurb é leibhéal an imeasctha i sochaí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh is tábhachtaí i ndáiríre, cumhdaíonn reachtas an Aontais, trí nathanna a úsáid a léiríonn imthoisc fhíorasach (cónaí nó fanacht), “staideanna ina bhfuil a chónaí iarbhír bunaithe ag an duine is ábhar do BGE sa Bhallstát forghníomhaitheach nó, tar éis fanacht go buanseasmhach ar feadh tréimhse áirithe sa Stát sin, go bhfuil naisc bunaithe aige leis an Stát sin a mbeadh ar aon dul leo siúd a eascraíonn as cónaí”.⁴²

71. Go háirithe, “chun a chinneadh an bhfuil naisc ann, i gcás faoi leith, idir an duine iarrtha agus an Ballstát forghníomhaitheach lenar féidir a mheas go bhfuil an duine sin ag “fanacht” ann de réir bhrí Airteagal 4(6) den Chinneadh Réime, is gá measúnú foriomlán a dhéanamh ar roinnt de na tosca oibiachtúla a léiríonn staid an duine sin, lena n-áirítear, go háirithe, fad, cineál agus coinníollacha cónaithe an duine iarrtha agus na naisc theaghlaigh agus eacnamaíocha atá ag an duine sin leis an mBallstát forghníomhaitheach”.⁴³

72. Tá feidhm ag na fachtóirí oibiachtúla céanna sin, *a fortiori*, i gcás go bhfuil an duine iarrtha ní hamháin ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach ach go bhfuil sé ina chónaí ann freisin.

73. I ndáil leis sin, aontaím leis an gCoimisiún go bhféadfadh an liosta de na tosca a áirítear in aithris 9 den bhrollach a ghabhann le Cinneadh Réime 2008/909 maidir le haitheantas frithpháirteach breithiúnas lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeáda a bheith léiritheach chuige sin: “naisc theaghlaigh, theanga, chultúrtha, shóisialta nó eacnamaíocha agus naisc eile leis an Stát forghníomhaitheach”.

⁴⁰ An breithiúnas in Wolzenburg, mír 67.

⁴¹ An breithiúnas in Wolzenburg, mír 68.

⁴² An breithiúnas in Kozłowski, mír 46.

⁴³ An breithiúnas in Kozłowski, mír 48.

74. Mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl,⁴⁴ i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais, is féidir a lán breithiúnas a lua ina bhfuil gaol ann idir leibhéal imeasctha an duine iarrtha sa Bhallstát forghníomhaitheach agus a fhíornasc iarbhír le sochaí an Bhallstáit sin.

75. Go deimhin féin, forbraíodh an cásdlí sin i gcásanna ina raibh náisiúntacht de Bhallstát ag an duine iarrtha. Mar sin féin, i gcomhréir leis an bhfreagra atá beartaithe agam ar an gcéad cheist, féadfaidh feidhm a bheith ag na critéir chun measúnú a dhéanamh ar imeascadh náisiúnaigh na mBallstát i mBallstáit an fhorghníomhaithe maidir le náisiúnaigh tríú tír freisin.

76. Dá bhrí sin, is faoin údarás breithiúnach forghníomhaitheach atá sé measúnú foriomlán a dhéanamh ar na tosca a chuirfidh ar a chumas a chinneadh an bhfuil nasc leordhóthanach ag an duine iarrtha, *beag beann ar an náisiúntacht a bheadh aige*, le sochaí an Bhallstáit fhorghníomhaithigh ionas go bhféadfaí a thuar, tar éis dó an phianbhreith a chur isteach ar chríoch an Bhallstáit sin, gur mó an fhéidearthacht a bheidh aige ar ath-imeascadh sóisialta agus, dá bhrí sin, go mbainfear amach cuspóir Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584.

77. Áirítear sna tosca sin an fad ama a caitheadh go buanseasmhach roimhe sin,⁴⁵ cineál agus daingne na nasc teaghlaigh atá ag an duine iarrtha sa Bhallstát forghníomhaitheach (agus b'fhéidir, in éagmais na nasc sin, sa tír thionscnaimh), leibhéal a imeasctha agus na naisc theanga, chultúrtha, fhostaíochta, shóisialta nó eacnamaíocha a forbraíodh sa Bhallstát sin.

78. Dar ndóigh, níl an liosta sin uileghabhálach, ós rud é, i gcás faoi leith, féadfaidh imthosca sonracha eile teacht de ar faoin gcúirt atá sé measúnú a dhéanamh orthu agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an duine iarrtha a thabhairt suas.

V. Conclúid

79. I bhfianaise an méid sin roimhe seo, molaim don Chúirt freagra a thabhairt ar an Corte costituzionale (an Chúirt Bhunreachtúil, an Iodáil) mar seo a leanas:

“Ní mór Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009,

ar léiriú ar an gcaoi seo a leanas:

Cuirtear cosc absalóideach leis ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc iomlán ar na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha, taréis dóibh an foras roghnach le neamhfhorghníomhú barántais ghabhála Eorpaigh chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, diúltú náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu nó atá ag fanacht ar a gcríoch a thabhairt suas, beag beann ar na naisc a bheadh acu leis an gcríoch sin.

Is iad na critéir ábhartha chun nasc leordhóthanach a bhunú idir an duine iarrtha agus an Ballstát forghníomhaitheach na critéir go léir a fhágann, ina n-iomláine, gur féidir a thiomhdiú gur mó an fhéidearthacht, a luaithe is a bheidh an phianbhreith curtha isteach sa Stát sin, go ndéanfaí an duine sin a ath-imeascadh, beag beann ar an náisiúntacht a bheadh aige, ná sa Bhallstát eisiúna.

⁴⁴ Mír 8.2 den ordú tarchuir.

⁴⁵ Go háirithe i gcás cónaitheora fhadtéarmaigh, a chumhdaítear le Treoir 2003/109.

Is tosca iad, *inter alia*, fad fanachta an duine iarrtha go dtí sin, cineál agus coinníollacha a fhanachta, mar aon lena naisc theaghlaigh, theanga, chultúrtha, fhostaíochta, shóisialta agus eacnamaíocha leis an mBallstát forghníomhaitheach agus, ina leith sin, a gcaithfidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach iad a mheá”.